CÁRTAÍ SCILE

Pas Doirn

Bunscil chun an liathróid a phasáil thar achar nach bhfuil ró-fhada é an pas doirn

Cloigeann

Bíodh d'aghaidh ar do chomrádaí imeartha

Teicníc

An liathróid leagtha ar lámh amháin, faid agus a buailtear í le dorn dúnta na láimhe eile

Lámha

Liathróid ar an lámh ag airde na coime. Dún an dorn eile, coinnigh an lámh díreach, tarraing siar í agus ansin chun cinn chun an liathróid a bhualadh. Coinnigh leis i dtreo na pasála

Cosa

Ceann chun cinn ar an gceann eile. Glac céim chun cinn agus tú ag bualadh na liathróide

Príomh-phointí

1. Leag an liathróid ar bhos na láimhe, ag airde na coime agus amach romhat. Ag dúnadh an doirn , tarraing an lámh bhuailte siar agus ansin chun cinn.

   Bíodh d'aghaidh ar do chomrádaí atá ag fáil na liathróide.

2. Buail an dorn faoi lár na liathróide –úsáid an chuid sin den lámh ina bhfuil na méar láir, taobh na hordóige agus cúl na láimhe

   Téann an lámh a bhuaileann chun cinn i dtreo an phas

   Is féidir freisin agus tú ag bualadh na liathróide , bogadh chun cinn agus an ordóg a leagan os cionn na corrmhéire .
   An chuid den lámh ina bhfuil an ordóg agus an chorrmhéir a bhuaileann an liathróid.



Botúin Choitianta

Botún 1

☹ Bualadh na lithróide leis an gcuid mhícheart den dorn. Easpa cruinnis an toradh a bhíonn ar bhualadh na liathróide ach amháin leis an ordóg agus an chorrmhéir.

☺ Chun sin a chur ina cheart, cinntigh gur é sin an chuid den lámh a úsáidtear

Botún 2

☹ Earráid eile a dhéantar an liathróid a chaitheamh. Tarlaíonn seo nuair nach mbíonn gníomh cinnte buille ann agus pas láimhe á thabhairt do chomrádaí

☺ Chun sin a sheachaint cinntigh go mbuailtear an liathróid go glan leis an dorn

Botún 3

☹ Is minic a tharlaíonn botún freisin mar nach mbíonn an lámh-thaca socair. Os rud é nach mbíonn an liathróid faoi smacht go hiomlán, tugann sin deis don chéile comhraic í a ghoid.

☹ Go minic freisin déantar míthreorú ar an liathróid

☹ Fágann an lámh-thaca a bheith ag bogadh an gníomh níos deacra agus duine ag gluaiseacht

☺ Chun an botún sin a cheartú cinntigh go mbíonn an lámh-thaca socair agus greim daingean ar an liathróid.